SEIRBHÍS RAIDIÓ GHAEILGE HIBRIDEACH DON AOISGHRÚPA IDIR 15-34
Céim 2 Staidéar Taighde Cáilíochtúil - Mí na Samhna 2022
Déanta ag ***Bricolage*** *thar ceann:* ***Údarás Craolacháin na hÉireann, Foras na Gaeilge*** *agus* ***an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán***

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Foras na Gaeilge

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Bricolage

CLÁR AN ÁBHAIR

1 **Comhthéacs an Tionscadail** 03

2 **An Comhthéacs Níos Leithne** 09

3 **Tírdhreach an Ábhair** 15

4 **Pearsantachtaí Tomhailte Ábhair** 21

5 **Tomhaltas Closábhair + Ábhair Raidió na Gaeilge** 30

6 **Deiseanna le haghaidh Closábhar na Gaeilge** 49

> > *Cén Saghas Ábhair Ar Mhaith Le hÉisteoirí Éisteacht Leis?*

7 **Deiseanna le haghaidh Closábhar na Gaeilge** 70

> > *Cá bhFéadfaidh Closábhar Sa Todhchaí Lonnaithe?*

8 **Deiseanna le haghaidh Closábhar na Gaeilge** 73

> > *Conas Is Féidir Ábhar Tarraingteach A Chur Ar Fáil?*

9 **Achoimre + Moltaí** 85

1. Comhthéacs an Tionscadail

An Misean:

Tuiscint dhomhain agus inghníomhaithe a chur ar fáil faoi éisteoirí óga a labhraíonn Gaeilge, a gcuid roghanna ábhair agus a nósanna éisteachta closábhair - *i gcomhthéacs machnamh a dhéanamh ar fhorbairt stáisiúin raidió Gaeilge nua*

Nochtann an taighde seo an spás glan agus na deiseanna a bhaineann le stáisiún nua raidió hibrideach le béim ar chomhrá i nGaeilge.

An Mhodheolaíocht

INIÚCHÓIREACHT AR CHATAGÓIR AN CHLOSÁBHAIR

Iniúchóireacht maidir leis an méid atá ar fáil i láthair na huaire i réimse an chlosábhair, chomh maith le samplaí ábhartha ón réimse ábhair níos leithne.

+

AGALLAIMH ATÁ DÍRITHE AR AN TODHCHAÍ LE 6 SAINEOLAÍ



Saineolaithe a bhfuil réimsí speisialaithe acu, lena n-áirítear teilifís, raidió, meáin shóisialta agus cruthú ábhair.

+

FIOSRÚ DOMHAIN EITNEAGRAFACH LE hÉISTEOIRÍ ÉIREANNACHA ÓGA + AGALLAIMH LEANTACHA

Tascanna eitneagrafacha trí ardán ar líne chomh maith le hagallaimh leantacha le rannpháirtithe de chuid an ardáin.

Príomhthopaicí agus Príomhcheisteanna an Taighde seo:

SPRIOC: Tuiscint shaibhir maidir leis an gcohórt 18-34* agus an tomhaltas meán iomlán a bhíonn acu chun bearnaí agus réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn le haghaidh seirbhís raidió nua + ardán fuaime nua a nochtadh

An t-ábhar a n-éisteann agus a dtéann daoine óga i ngleic leis a fhiosrú le:

- **Na meáin san iomlán:** An t-ábhar agus na brandaí a dtéann siad i ngleic leo i measc na meán – *in aon teanga agus sa Ghaeilge*
- **Gnéithe sonracha maidir le closábhar / hábhar raidió:** An tomhaltas closábhair reatha; An tarraingt a bhíonn ag saghsanna ábhar fuaime difriúil – cad a mheallann iad? Cad iad na rudaí ar bhreá leo a fheiceáil sa todhchaí – le haghaidh tomhaltais phearsanta / shóisialta araon?

An méid a oibríonn go maith agus an méid nach n-oibríonn chomh maith céanna i dtaca leis na hofrálacha reatha a fhiosrú:

- **Iniúchóireacht ar na hofrálacha raidió Gaeilge reatha:** Raidió Rí-Rá, Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life. Cad iad na gnéithe den bhrand agus den ábhar atá mealltach agus cad iad na gnéithe nach bhfuil chomh mealltach céanna? Cad iad na gnéithe de na stáisiúin seo a théann i ngleic le lucht éisteachta óg?

Na réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn le haghaidh seirbhís raidió / ardán fuaime nua atá dírithe ar an óige a fhiosrú:

- **Ábhar foghlama a bhaineann le hardán nua:** Cad iad na rudaí a bhféadfaí a chur leis an gclosábhar atá ar fáil i láthair na huaire
- **Bearnaí agus réimsí deiseanna le haghaidh ardán nua:** Cad atá ar lár ón réimse closábhair atá dírithe ar an óige? Cad iad na réimsí a d'fhéadfadh a bheith ag ardán fuaime as Gaeilge? Cad a bheadh i gceist le closábhar mealltach as Gaeilge nach ceol é?

Tabhair faoi deara: Déanadh cinneadh cumaisc go ndíreofaí ar sampla 18-34 bliain d'aois, seachas 15-34, de bharr gá le toiliú tuismitheora sa raon aoise níos óige

Na Seisear Saineolaithe a ndeachthas i nGleic leo:

ALED JONES

Bunaitheoir de chuid Y Pod – Mol podchraoltaí Breatnaise. A bhí le táirgí digiteacha BBC (Radio Cymru, BBC Sounds)

CIAN GRIFFIN

Tionchaire Éireannach. Cruthaitheoir Ábhair. Pearsantacht de chuid na Meán Sóisialta.

CAOIMHE NÍ CHATHAIL

Óstach 'Croí na Ceiste' de chuid BBC Two. Úsáideoir YouTube. Láithreoir TG4.

DONAL DINEEN
DJ Éireannach, láithreoir raidió + teilifíse, grianghrafadóir + scannánaí. Láithreoir an phodchraolta 'Make Me an Island'.

LORETTA NÍ GHABHÁIN

Bunaitheoir + stiúrthóir Lorg Media. Cruthaitheoir Digiteach + comhairleoir meán sóisialta.

SIÚN NÍ DHUINN
Láithreoir an phodchraolta 'Beo ar Eigean'. Comhbhunaitheoir an tsuímh idirlín dhátheangaigh, 'As an Nua'. Cruthaitheoir Ábhair.

Na Closéisteoirí Gaeilge ar Chualamar Uathu:

6 as an 19 de na Closéisteoirí Gaeilge a ghlac páirt sa taighde seo:

ÁINE

BRIAN



JACK

CIAN

LEAH

ÉADAOIN

19 gCLOSÉISTEOIR, LONNAITHE I gCEANTAIR GHAELTACHTA + LASMUIGH DEN GHAELTACHT

MEASCÁN DE CHAINTEOIRÍ DÚCHASACHA GAEILGE + CAINTEOIRÍ NEAMHDHÚCHASACHA ACH GO BHFUIL GAEILGE LÍOFA ACU

GEN Z NÓ MÍLAOISIGH IAD AR FAD - AOIS 18-34
(Nóta: bhí an sampla ualaithe i dreo na n-aoiseanna níos óige sa raon seo)

MEASCÁN IDIR ÉISTEOIRÍ RAIDIÓ DÍOCASACHA, ÉISTEOIRÍ RAIDIÓ MEASARTHA + ÉISTEOIRÍ A ÉISTÍONN LE PODCHRAOLTÓIRÍ DON CHUID IS MÓ

IAD UILE AG DUL I NGLEIC LE hÁBHAR RAIDIÓ I nGAEILGE GO SEACHTAINIÚIL – *LENA nÁIRÍTEAR CLÚDACH DE CHUID RAIDIÓ NA GAELTACHTA, RAIDIÓ RÍ-RÁ AGUS RAIDIÓ NA LIFE,*

2. An Comhthéacs Níos Leithne

Borradh ag teacht ar chlosábhar! Cúig ghné le suntas a dhéanamh dóibh:



IS SNÁITHE LÁRNACH DE CHUID ÉICEACHÓRAS NUA NA MEÁN É AN CLOSÁBHAR

Tá an closábhar ag eascairt mar phríomhchainéal. De réir mar a éiríonn na línte idir na réimsí éagsúla níos doiléire agus de réir mar a tharlaíonn crosphailniú, cruthaítear éiceachórais nua a chuimsíonn podchraoltaí uathúla, seinnliostaí faoi choimeádaíocht brandaí, agus closleabhair, mar aon le físeáin bheo, cláraithe agus arna ghiniúint ag úsáideoirí.

ISTEACH CHUIG RÉ NA MEÁN SÓISIALTA FUAIMBHUNAITHE & AN ÁBHAIR HIBRIDEAIGH

Le blianta beaga anuas tá fás feicthe againn sa réimse seo – agus aipeanna ar nós Clubhouse agus Twitter Spaces ag cur ré meán sóisialta nua dírithe ar chlosábhar i réim ina bhfuil an t-ábhar dírithe ar ghuth agus ina mbunaítear seomraí sealadacha le go mbeadh comhráite beo ag daoine.

GLÚIN THEICNEOLAÍOCHT NA MBAILTE FUAIM CHLISTE

Tá borradh mór tagtha ar ghlacadh na gcallairí cliste i SAM. Meastar go bhfuil callaire cliste amháin ar a laghad ag 100 milliún duine i SAM. Bhí dóchúlacht níos mó ann go mbeadh roinnt gléasanna éagsúla ar fud an tí ag daoine a raibh callaire cliste acu de réir mar a d'éirigh an nós níos comónta.

FÁSANN POBAIL NA BPODCHRAOLTAÍ Ó BUNPHOBAIL BHEAGA

Ligeann podchraoltaí le cruthaitheoirí labhairt faoi aon topaic, rud a mheallann luchtanna éisteachta nua, níos óige + níos ilchineálaí chuig topaicí a bhaineann le hábhair suime shonracha. I measc na dtopaicí sonracha is mó a bhfuil fás ag teacht orthu tá: Iomrascáil, Fuirseoireacht ar na Boinn, Domhaneolaíocht, lar-chláracha le haghaidh na Teilifíse & Scannánaíochta, Beochan & Manga.

TÁ SLUAITE DE CHUID GEN Z AG IOMPÚ I DTREO AN CHLOSÁBHAIR MAR UIRLIS FORBARTHA PHEARSANTA

Breathnaítear ar phodchraoltaí ar nós foinse inspioráide agus féinfhorbartha. Dúirt 62% de dhaoine 18-24 bliain d'aois go dtéann siad i muinín podchraoltaí chun teacht ar fhreagraí maidir le ceisteanna pearsanta sula labhraíonn siad lena dteaghlaigh nó lena gcairde. San áit go ndeir duine as cúigear a bhfuil cónaí orthu i gcathracha i lár an RA gur spreag podchraoladh iad a ngairm a athrú.

AGUS LAISTIGH DEN CHOMHTHÉACS SEO, TÁ ÉILEAMH CINNTE AR CHLOSÁBHAR GAEILGE

Cén fáth a bhfuil éileamh ar Chlosábhar Gaeilge?

TÁ ÉILEAMH AR ÁBHAR ARDCHAIGHDEÁIN

Éilítear ardchaighdeán maidir le hábhar sa lá atá inniu ann de réir mar a dhéantar daonlathú ar na meáin táirgeachta.

Éilítear táirgeadh ábhair phroifisiúnta i ré táirgeoirí amaitéaracha a chuireann iad féin chun cinn ar líne.

Tá éileamh ar Ghaeilge dheisbhéalach mar aon le topaicí comhaimseartha.



TÁ MÉADÚ AG TEACHT AR FHAISEANTACHT CHULTÚRTHA A BHAINEANN LEIS AN nGAEILGE & EASPA ÁBHAIR

Tá grúpaí ar nós Kneecap tar éis an caighdeán a ardú i dtaca leis an bhfuinneamh cultúrtha a bhaineann leis an nGaeilge.

Cuid lárnach de leathadh na teanga ná deiseanna cearta an Ghaeilge a labhairt lasmuigh de shuíomh na scoile.

Tá na meáin shóisialta ar an mol is mó maidir leis an gceangal seo, a bhfuil fás ag teacht air, a chumasú

TÁ FUINNEAMH LAISTIAR DE DHEARCADH DIFRIÚIL A CHRUTHÚ MAIDIR LEIS AN nGAEILGE Ó BHEITH INA ḤUALACH CHUIG ÚINÉIREACHT A GHLACADH UIRTHI

I measc na glúine níos óige, tá athrú déanta ar an dearcadh a bhí ar an nGaeilge mar ualach (coinnímis beo í), chuig dearcadh gur linne í le taitneamh a bhaint aisti (a chiallaíonn braistint úinéireachta & móiminteam).

Tá éileamh, a bhfuil fás ag teacht air, tacar roghanna meán Gaeilge níos láithrí a bheith ann a bhfuil comhsheasamh acu le contrapháirteanna Béarla.

Cén fáth a bhfuil éileamh ar Chlosábhar Gaeilge? – *Sleachta Focal ar Fhocal*

Closéisteoirí

"Irish is trendy now. You used to be mocked for being a cainteoir at home. Like, you see it in music; the Fontaines D.C. have a song. They see Irish is trendy so they banged an Irish title in there and people love it"
- Rút, Gnáthchainteoir Dúchasach Gaeilge

"Irish content is definitely more trendy than it would have been a few years ago. It all comes back to things online and through media becoming more popular. There's a lot more people sharing content"
- Colm, Gnáthchainteoir Dúchasach Gaeilge

"It's just easier to surround yourself with Irish today - Múinteoir Meg or Gaylgeoirí. There's lots of podcasters in Irish out there today - Gael Gals - BLOC"
- Helena, Cainteoir Dúchasach Dúthrachtach Gaeilge

Saineolaithe

"It's also noticeable in terms of how people feel about Irish culture and Irish music. There's been more than just revival, it's been really like a revolution. We're taking ownership of things. There is a pride there"
– Donal Dineen, Láithreoir Raidió

"Whether it's audio or visual, we have a weird thing in this country where we have a weird affection for content that comes out in Irish. Whereas if it came out on RTÉ in English, people wouldn't like it"
- Siún Ní Dhuinn, Óstach Beo ar Éigean

"Irish language content was so niche back then, but now it's so popular - there's Twitch, YouTube, podcasts and Instagram. You also have influencer culture and they're influencing people to speak Irish"
- Caoimhe Ní Chathail, Láithreoir de chuid BBC/RTÉ

Is é a fhéachaimid air sa chuid seo ná:

>>CÉN t-ábhar a bhfuil Daoine Óga ag dul i ngleic leis faoi láthair, ar bhonn níos leithne agus i dtaca le Closábhar Gaeilge go sonrach?

>>CÉN t-ábhar ar mhaith leo a fheiceáil amach anseo i dtaobh Closábhar Gaeilge?

>>Agus CONAS a d'fhéadfaí an t-ábhar seo a chóiriú nó a sheachadadh? Lena n-áirítear cén bhraistint a bheadh i gceist leis seo dá mba Stáisiún Raidió Nua a bhí ann?

Agus réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn i measc na dtéamaí seo

3. Tírdhreach an Ábhair

Ábhar is ea gach rud anois
– *Seachas cláir, cainéil, meáin éagsúla srl*

San áit gur tháinig na meáin ó líon beag craoltóirí go traidisiúnta, táimid ag maireachtáil i dtréimhse inar féidir le haon duine a bheith ina chruthaitheoir ábhair..

Agus tá na nithe a bhíodh deighilte ina gcatagóirí – *Teilifís, Raidió, Meáin Shóisialta, Litríocht* – i bhfad níos fite ina chéile anois.

Is iad Gen Z go háirithe (aois 26 agus níos óige) an chéad ghlúin de dhúchasaigh digiteacha (.i. bhíodar ar líne i gcónaí), mar sin tá an cumascadh seo nádúrtha dóibh.

Agus is fíor go bhfuil an t-ábhar ar an rud is tábhachtaí, de réir mar a fheicimid i saol ár bhfreagróirí. Is bunghné é sna timpeallachtaí ina gcónaíonn siad.

Íomhá ón Taispeántas Neverending Content leis an Ealaíontóir Ben Fearnley

"These days, there's different ways of making content available to people. So that ease of access that people have, to be able to listen to one after the other; they're completely different to how it was. It's the same with with TV shows where you discover something, and pretty much immediately you can watch everything. That has completely changed people's approach to how they consume things"
- Donal Dineen, Láithreoir Raidió

An réimse tomhaltais ábhair is mó le haghaidh aoiseanna 18-34 = *Neamhlíneach (.i. ar éileamh + gan a bheith beo)*

Faightear rochtain ar ábhar neamhlíneach trí ardáin agus teicneolaíochtaí éagsúla agus tomhlaítear é nuair a éilítear é.
Dá bhrí sin, tá sé oiriúnaithe do riachtanais an duine aonair – sceideal, am, gléas, suíomh, giúmar srl.

Seirbhísí Sruthaithe:

Ba mhinic a luadh Netflix, Amazon agus Disney+ i measc na bhfreagróirí. Baineadh úsáid as seinnteoir RTÉ agus TG4 chomh maith chun féachaint siar ar na cláir ab fhearr leo ar chailleadar amach orthu.

Na Meáin Shóisialta:

Fuarthas rochtain fhorleathan ar Tiktok, Instagram, BeReal agus ar Facebook (ar bhonn níos ísle) ar bhonn rialta i gcaitheamh an lae. Tá sruthanna pearsantaithe mionchoigeartaithe ábhair mar ghné i measc dialannaí ár bhfreagróirí – *an tromlach de sin i mBéarla.*

ÁBHAR SAMPLACH LÁ DÁR SAOL:

- *"I like listening to upbeat music to set me up for the day and start my day on a positive note. I'm currently loving **Sondre Bjelland's** cover of Everybody's Changing by Keane on **Spotify**"*
- *"Once I reached work, I turned on **Raidió na Gaeltachta**. I wasn't entirely tuned in for the full day, but it is still **nice to have Gaeilge in the background of the workplace** and secures our place as an áit oibre Gaelach"*
- *"**TikTok** is also a nice way to **tune out** and really take a break on my lunch as the **content is tailored to me**"*
- *"I find that **TikTok** is very good for keeping audiences in the loop with **current affairs and celebrity drama**"*
- *"I watched **Molly-Mae's pregnancy announcement** video - a very exciting watch indeed!! I find **YouTube** really **captures my interests a lot better than live TV** as there are so many options available"*

-Áine

Sa fhráma seo, bíonn aimsiú ábhair nua ag tarlú go leanúnach

Ar nós snag breac, tagann an t-aoisghrúpa seo ar ‘leideanna’ i dtreo ábhair beagnach gach áit...



FÓGRAÍ SPOTIFY

CUNTAIS INSTAGRAM DAOINE CÁILIÚLA

CAIRDE AGUS GAOLTA



SEINNLIOSTAÍ YOUTUBE / SPOTIFY

FÉILTE

SCANNÁIN AGUS TEILIFÍS

I gcás ár bhfreagróirí, tá an t-ábhar a mheallann isteach iad ag éirí níos leithne + níos eicléictiúla

– *agus is fás atá tagtha air seo ó COVID*

Tugann mílaoisigh agus Gen Z tús áite d'fhéinléiriú agus tá siad ag éirí níos solúbtha agus níos solúbtha i dtaobh gnásanna maidir le dearcthaí, polaitíocht, agus inscne / gnéasacht.

Bíonn tionchar aige seo ar 'thoighsí' i dtaca le hábhar meán chomh maith. Tá fonn mór i measc ár bhfreagróirí, le haghaidh réimse leathan agus ilchineálach ábhair ó éiceachóras meán atá ag leathnú.

Bíonn ról lárnach ag an idirlíon anseo agus rochtain á cur ar fáil aige ar gach ní. Agus leis an méadú ollmhór i dtomhaltas na meán i gcaitheamh COVID-19, d'éascaigh tuilleadh ama sa mbaile doimhniú i réimsí suime sonracha.

"Today I listened to some Reels about various topics through Facebook and Instagram. They have a broad range of topics, and the feed is sort of randomly selected. ***I skip ones I'm not interested in and listen to the ones I like****. Plus, they aren't very long which is great"*
- Dialann Meán Sheáin

I dtréimhse ina bhfuil solúbthacht toighse mar chomhartha ar fhéinléiriú, is gnáthrud é a bheith ag plé go mion agus go forleathan le hábhar.

Seo blaiseadh de roinnt den ábhar a bhfuil ár bhfreagróirí ag dul i ngleic leis faoi láthair >>



4. Pearsantachtaí Tomhailte Ábhair

Bíonn ábhar Gaeilge le sonrú ar bhonn laethúil le haghaidh gach duine dár bhfreagróirí

Is cuid laethúil d'éiceachóras meáin ár bhfreagróirí é an t-ábhar i nGaeilge.

- **Breathnaíonn/éisteann siad ar fad leis na príomhchraoltóirí (TG4, RnaG) le haghaidh cláir nuachta agus cúrsaí reatha** – agus is minic a tharlaíonn sé seo go beo.
- **Téann go leor acu i ngleic leis an raidió, le haghaidh éisteacht sa chúlra go minic. Tá podchraoltaí ar nós Beo ar Éigean agus Bladhaire, agus seirbhísí sruthaithe (m.sh. Seinnteoir TG4, Seinnteoir RTÉ) comónta** bíodh agus go ndeir na freagróirí gur mhaith leo réimse ábhair agus seánraí níos leithne a fheiceáil.
- **Leagann siad béim air gur deacra teacht ar ábhar meán sóisialta neamhlíneach i nGaeilge** m.sh. i bhfoirm Ríleanna Instagram agus físeáin TikTok.

CAD IAD NA RUDAÍ A BHFUIL SIAD AG ÉISTEACHT LEO/FÉACHAINT ORTHU:

TEILIFÍS

Nuacht TG4
GAA Beo
Ros na Rún

PODCHRAOLTAÍ

Beo ar Éigean
Bladhaire
Gaeilge Bhriste

FUAIM

Na Seansálaithe - R Rí-Rá
Bladhaire - RnaG
Cartlann Bhóthar na Léinsí - RnaG
Gaelgals
Barrscéalta - RnaG

CUNTAIS MHEÁN SÓISIALTA

BLOC TG4
Múinteoir Jane
Ciara Ní É
Hugh Carr
Séaghan Ó Súilleabháin
Gaylgeoirí

Tá éiceachóras meán na Gaeilge ceangailte le craoltóirí níos traidisiúnta i láthair na huaire = nasctha le claonadh náisiúnta (vs. idirnáisiúnta) agus le hábhar dáiríre (vs. meidhreach)

Trí Phearsantacht a chabhraíonn linn caidreamh freagróirí leis an gClosábhar Gaeilge a rangú:

An Cainteoir Dúchasach Dúthrachtach

An Gnáthchainteoir Dúchasach

An Foghlaimeoir Dáiríre

Tabhair faoi deara: *Leagtar béim ar dhifríochtaí ar mhaithe le hanailís – ní oireann gach duine a chuathas i ngleic leo go díreach do phearsantacht amháin*

PEARSANTACHT #1: An Cainteoir Dúchasach Dúthrachtach

B

A bhfuil a chion á dhéanamh aige ar son thodhchaí na teanga

Spreagadh ann chun:
Ábhar a úsáid mar mhodh chun nasc lena theanga dúchais, lena phobal, lena theaghlach agus lena áiteanna baile a chaomhnú *(NB: Tá dóchúlacht níos mó ann go bhfuil sé tar éis bogadh ón áit ar rugadh é, agus go bhfuil fonn air ceangal a choimeád)*; Tacú le meáin Ghaeilge, agus trí sin, tacú le todhchaí na Gaeilge.

Nósanna Reatha maidir le hÁbhar i nGaeilge:
Cultúr agus oidhreacht thraidisiúnta na hÉireann; An Ghaeilge mar thopaic inti féin. Chomh maith leis sin, fiosróidh sé léirithe cultúrtha nua i nGaeilge (m.sh. Kneecap, Ciara Ní É, The Gloaming) fad a bhíonn an Ghaeilge ar ardchaighdeán.

Riachtanais Ábhair:

Oscailte chuig réimse leathan ábhair i nGaeilge. Má bhíonn an Ghaeilge ar ardchaighdeán, tá sé toilteanach géilleadh i dtaobh an ábhair (tá sé seo mar thoradh ar réimse tiománaithe mothúchánacha eile atá mar chúis lena chinntí ábhar Gaeilge a thomhailt.

Riachtanais Teanga:

Fíor-ghéarchúiseach i dtaobh caighdeán na Gaeilge a thomhlaíonn sé. Go hidéalach ba mhaith leis éisteacht le Gaeilge á labhairt ag cainteoirí dúchasacha, bíodh agus go bhfuil sé sásta a bheith solúbtha má bhíonn an caighdeán ard.



Dóchúlacht mhór go ndéarfadh sé: *"I'm in the Irish society on campus in college and it's part of our job to promote the language. There's a lot of young people coming to events with no Irish or those who aren't confident enough in speaking it. But they still come to the events and it's really nice to see"* **- Leah**

PEARSANTACHT #2: An Gnáthchainteoir Dúchasach

Ceangal láidir leis an nGaeilge labhartha sa saol laethúil ach ní gníomhaí é sa réimse sin

Spreagadh ann chun:
Dul i ngleic le hábhar Gaeilge fad a bhíonn sé mar ghnáthchuid úsáideach dá shaol laethúil. Mar atá i gceist leis an nGaeilge, bíonn dul i ngleic níos éighníomhaí i gceist leis – neamhshuim á dhéanamh de mar chuid nádúrtha dá thimpeallacht (NB: Tá sé níos dóchúla go bhfuil sé ina chónaí gar don áit ar rugadh é).

Nósanna Reatha maidir le hÁbhar i nGaeilge:
Nuacht áitiúil agus scéalta bunaithe ar shuim sa cheantar áitiúil; CLG. *Tabhair faoi deara: bíonn sé níos fiosraí ná seo ina chuid tomhaltais ábhair níos forleithne i réimse an ábhair i mBéarla.*

Riachtanais Ábhair:

Dóchúlacht níos lú go ngéillfidh sé maidir le caighdeán an ábhair ar mhaithe le hábhar i nGaeilge a thomhailt. As na daoine seo, is é seo an ceann is géarchúisí i dtaca le hábhar; bíonn sé sa tóir ar an gcaighdeán agus éagsúlacht ábhair atá ar fáil go forleathan i mBéarla. Bíonn ábhar maith ag teastáil uaidh ar bhonn gur ábhar maith é agus ar an mbonn sin amháin.

Riachtanais Teanga:

Teastaíonn ardchaighdeán Gaeilge chun a aird a choinneáil i gcás aon ábhar i nGaeilge. Go hidéalach ba mhaith leis éisteacht le Gaeilge á labhairt ag cainteoirí dúchasacha, bíodh agus go bhfuil sé sásta a bheith solúbtha má bhíonn an caighdeán ard.

Dóchúlacht mhór go ndéarfadh sé: *"We want to see what we see in English, that's what the emphasis is. That's all we want. We're looking for simple things like that, like 'Come to work with me today' vlogs. We're not looking for above and beyond, just what's available in English"* **- Patrick**

PEARSANTACHT #3: An Foghlaimeoir Dáiríre

Cainteoir neamhdhúchasach é atá paiseanta maidir lena chuid scileanna teanga Gaeilge a fheabhsú + suim aige i úsáid níos forleithne na Gaeilge a chur chun cinn

Spreagadh ann chun:
A chuid scileanna teanga a fheabhsú – cuid den chúis a n-úsáideann sé ábhar i nGaeilge ná gur modh féinfheabhsaithe é; tacú le meáin i nGaeilge agus le todhchaí na teanga; ábhar i nGaeilge a úsáid chun a bheith mar chuid de phobal níos leithne a labhraíonn Gaeilge.

Nósanna Reatha maidir le hÁbhar i nGaeilge:
Go tipiciúil mealltar é i dtreo léirithe níos nua-aimseartha ar chultúr na Gaeilge (m.sh. Beo ar Éigean, Múinteoir Meg, Ciara Ní É). I gcomparáid leis na daoine eile is lú an dóchúlacht go bhféachfaidh/n-éistfidh sé leis na príomhchraoltóirí Gaeilge (Raidió na Gaeltachta nó TG4).

Riachtanais Ábhair:

Níl sé chomh géarchúiseach i dtaobh ábhar i nGaeilge i bhfianaise na dtiománaithe éagsúla laistiar dá thomhaltas. Oscailte chuig réimse leathan ábhair i nGaeilge – slat tomhais difriúil á úsáid aige chun ábhar i nGaeilge a mheas i gcomparáid le hábhar i mBéarla.

Riachtanais Teanga:

Tá ardchaighdeán Gaeilge tábhachtach dó toisc go mbaineann sé úsáid as ábhar mar mhodh i dtaca lena chumas teanga a fheabhsú. Mar sin féin, braitheann sé canúintí cainteoirí dúchasacha deacair a thuiscint uaireanta agus is é is fáiltí roimh Ghaeilge atá á labhairt ag cainteoirí neamhdhúchasacha.

Dóchúlacht mhór go ndéarfadh sé:
"I listen to Irish language content just to support it"
- Áine

Dóchúlacht mhór go ndéarfadh sé: *"Is fearr liom podchraoladh Gaeilge toisc gur mothaím go bhfuil mé ag cur le mo chuid Gaeilge agus gur fiú"* **- Éadaoin**

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

De bharr na riachtanas géarchúiseach atá aige maidir le hábhar <u>agus</u> teanga is iad na Gnáthchainteoirí Dúchasacha is deacra a shásamh.



Tá beagáinín de dheighilt idir closábhar a théann i ngleic le Foghlaimeoirí vs. Cainteoirí Dúchasacha

"The learners will always say they need more content, which is interesting. But that is something that comes up a lot - not all content is created for learners and some learners can feel that makes the language exclusive. It's really hard because, of course, it's exclusive because it's not for you. You know, there has to be some content that's not for learners. We've had that a few times people listening to Beo Ar Éigean and say just that 'you're talking too fast' or, you know, 'I don't like that content'. 'That content is too hard for me'. And we're like, 'we're not here to help you learn Irish'. We're happy if you learn Irish from us. However, we weren't built as a learning platform" ***- Siún Ní Dhuinn, Óstach Beo ar Éigean***

SLÍ AMHÁIN CHUN DUL I nGLEIC LEIS NA PEARSANTACHTAÍ NÁ IARRACHT A DHÉANAMH CLOS-SCEIDEAL ÉAGSÚIL A CHLÁRÚ...

ACH, AGUS RIACHTANAIS NA nGNÁTHÉISTEOIRÍ GUR CAINTEOIRÍ DÚCHASACHA IAD Á gCOMHLÍONADH – AN DREAM IS LÚ A BHFUIL FREASTAL Á DHÉANAMH AIR FAOI LÁTHAIR + AN DREAM IS DEACRA A SHÁSAMH – BA CHEART GO MEALLFAÍ ÉISTEOIRÍ EILE CHOMH MAITH...

5. Tomhaltas Closábhair + Ábhair Raidió na Gaeilge

Dhá phríomhchineál Closábhair = Raidió + Podchraoltaí
- ***Ach is réimse níos leithne é atá ag éirí níos doiléire***

PRÍOMHCHINEÁLACHA ÁBHAIR:
- ***Raidió***
- ***Podchraoltaí***

CINEÁLACHA CLOSÁBHAIR EILE
- ***Ceol***
- ***Na Meáin Shóisialta***
- ***YouTube / Físeáin*** *- lena n-áirítear cinn de Phodchraoltaí / Chláir Raidió*
- ***Closleabhair*** *– lucht leanta / éisteachta a bhí i mbeirt dár sampla*

Sampla den doiléiriú: *Tá [The Pretty Basic Podcast]() ann i bhformáidí físe agus fuaime araon*

Agus baineann saghsanna éagsúla éisteachta leis na cineálacha ábhair dhifriúla seo:

RAIDIÓ
le haghaidh SIAMSAÍOCHTA
>> Níos Éighníomhaí + Níos Sóisialta

Cúlra le haghaidh an ghnáthshaoil don chuid is mó – neart éisteachta sa charr + sa chúlra, lena n-áirítear éisteacht in éineacht daoine eile

Ach le roinnt rannpháirtíocht níos fuinniúla le raidió 'beo'

PODCHRAOLTAÍ
le haghaidh TUMADH
>> Níos Gníomhaí + Níos Pearsanta

'Géaréisteacht' don chuid is mó – áit a n-éisteann daoine go gníomhach

Léiriú níos mó ar thoighis agus suimeanna pearsanta agus níos dírithe ar fhoghlaim cuid den am

I dtuairisc de chuid Spotify sa bhliain 2022, dúirt 80% de Gen Z go ligeann closábhar dóibh réimsí éagsúla dá bpearsantachtaí a fhiosrú.

Foinsí Breise: *Oxford/Reuters (2019), iHeartMedia (2022)*

Bíonn impleachtaí difriúla ag na SAGHSANNA seo i dtéarmaí tacú leis an nGaeilge i measc cohóirt níos óige:
m.sh. Braistint naisc + normalú (Raidió) vs. Éisteacht rannpháirteach + mhearscaipthe (Podchraoltaí)

Agus baineann saghsanna éagsúla éisteachta leis na cineálacha ábhair dhifriúla seo: ***Sleachta Focal ar Fhocal***

RAIDIÓ
le haghaidh SIAMSAÍOCHTA
>> Níos Éighníomhaí + Níos Sóisialta

"Once I reached work I turned on Raidió na Gaeltachta. As I had a few meetings today this was definitely more passive listening and I wasn't entirely tuned in for the full day, but it is still nice to have Gaeilge in the background"

- **Áine, Cainteoir Neamhdhúchasach Líofa Gaeilge**

"I listened to the News on RnaG around lunchtime as it was already on in the kitchen"

- **Colm, Gnáthchainteoir Dúchasach Gaeilge**

"D'éistíos le nuacht a haon ar raidió na Gaeltachta inniu sa mhótar. D'éistíos leis mara go bhfuil suim agam i gcúrsaí reatha agus i scéalta an lae. Is maith liom éisteacht leis an raidió sa mhótar toisc é a bheith praiticiúil"

- **Liam, Cainteoir Dúchasach Gaeilge**

PODCHRAOLTAÍ
le haghaidh TUMADH
>> Níos Gníomhaí + Níos Pearsanta

"I like listening to podcasts rather than the radio because there is no ads and I'm in control of the content"

- **Philip O'Callaghan, Cainteoir Neamhdhúchasach Gaeilge**

"Most people my age would connect Bluetooth in the car and play podcasts or music on Spotify rather than the radio"

- **Leah, Cainteoir Dúchasach Dúthrachtach Gaeilge**

"I'm not the biggest radio person but I listen to a few podcasts - a lot of my friends listen to podcasts. I listen to it when I'm out on a walk"

- **Rút, Gnáthchainteoir Dúchasach Gaeilge**

RAIDIÓ >>





Íomhánna a roinn na rannpháirtithe ar an ardán ar líne

Raidió na Gaeltachta: *Cuid den ghnáthshaol i gcás cainteoirí dúchasacha*

AG ÉIRÍ GO MAITH LEIS:

Meastar go bhfuil an Ghaeilge snasta – i gcás **cainteoirí dúchasacha go háirithe, tá tábhacht leis seo**

Téann sé in iomaíocht le /seasann sé an fód in aghaidh stáisiúin raidió mhóra Béarla – lena n-áirítear láithreoirí seanbhunaithe a mbíonn próifíl ard acu uaireanta

Luaitear roinnt clár, a rátáiltear go hard, arís is arís i measc na bhfreagróirí: **Bladhaire, An Taobh Tuathail, Saol Ó Dheas** srl.

GNÉ NACH BHFUIL CHOMH MEALLTACH:

Meastar go bhfuil sé dírithe ar **lucht éisteachta níos aibí** – braitear ar an iomlán go bhfuil sé **dírithe ar chultúr agus ar oidhreacht nach bhfuil mealltach do chách**. **Meastar go bhfuil ganntanas ábhair do dhaoine óga ann** agus braitear go mbaineann **'geis'** le roinnt topaicí.

Mar aon le bheith dírithe ar luchtanna éisteachta níos sine, i gcás cainteoirí neamhdhúchasacha **braitheann sé ar nós go bhfreastalaíonn sé ar dhaonra na Gaeltachta agus iad siúd amháin. Féadfaidh an chanúint a bheith deacair a thuiscint**.

Rabhadh: **Tá ceanúlacht / cumha** ag baint leis i measc cainteoirí dúchasacha seachas buaicphointí ábhair, **níl rioscaí ag tiomáint fíor-rannpháirtíocht óige**

"Is é "An Taobh Tuathail" le Cian Ó Cíobháin an clár raidió is fearr sa tír. S'é an t-aon chlár amháin ceoil ar an raidió gur féidir liom éisteacht mar bíonn an ceol a phiocann sé amach thar barr ar fad. Táim ag éisteacht leis ó bhí mé 16 nó mar sin. Is é an bua is mó a bhaineann le Raidió na Gaeltachta ná go bhfuil saibhreas ceart teanga ann agus ní bhíonn rudaí áiféiseacha á bplé acu" **– Rút, Gnáthchainteoir Dúchasach Gaeilge**

Raidió na Gaeltachta: *Sleachta Focal ar Fhocal*

"I really enjoy Áine Ní Bhreisleáin's work, particularly on Bladhaire, as the show is aimed towards the younger generation. Generally RnaG could make use of more content for young adults and discussing more relevant topics i.e. pop culture. This kind of content is available elsewhere, however not to the same highly produced and well-delivered standard" ***- Áine, Foghlaimeoir Dáiríre***

"Is é RnaG an stáisiún is fearr liom. Tá mórán cláracha suimiúla ar fáil le cainteoirí dúchasacha agus le Gaelainn d'ardchaighdeán le clos. Is maith liom An Saol Ó Dheas, Togha agus Rogha agus Nuacht an Deiscirt toisc gur cláracha áitiúla iad i gCorca Dhuibhne. Tá láithreoirí iontacha ag rnag le scileanna proifisiúnta eagarthóireachta, cumarsáide agus taighde. Ba mhaith liom níos mó cláracha a chlos dírithe ar dhaoine óga, cláracha go ndéantar cumarsáid le hógánaigh timpeall na tíre mar shampla. Is iad na láithreoirí is fearr liom ná Helen Ní Shé agus Pádraig Ó Sé. Bainim taitneamh as Togha agus Rogha gach Satharn go háirithe an rogha ceoil agus na duaiseanna a bhronntar má sheolann tú teachtaireacht isteach" ***- Liam, Cainteoir Dúchasach Gaeilge***

"Sílim go bhfuil RnG dírithe ar sheanóirí na Gaeltachta. Ní éistim le ceol traidisiúnta. Sílim go bhfuil blas na léiritheoirí an-láidir agus uaireanta ní thuigim iad" ***- Éadaoin, Cainteoir Neamhdhúchasach Gaeilge***

"RnaG is in a different realm to others. It's more comparable to Newstalk; it's more serious"
– SAINEOLAÍ

"RnaG are brilliant at current affairs but the light stuff just isn't there. We need some lighter Irish content" ***– SAINEOLAÍ***

Raidió Rí-Rá: *Aitheantas aige i dtaobh ábhair don óige ach ganntanas creidiúna i measc cainteoirí dúchasacha*

AG ÉIRÍ GO MAITH LEIS:

I measc na bhfreagróirí aithnítear é agus tá meas air de bharr **freastal ar lucht éisteachta níos óige**

Tá inrochtaineacht i gceist leis le haghaidh cainteoirí neamhdhúchasacha – agus roinnt ag éisteacht ar mhaithe **lena gcuid Gaeilge a fheabhsú, agus éisteacht le hábhar meidhreach** agus le ceol nua-aimseartha

Roinnt clár a **mheallann foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchasacha araon**: **lena n-áirítear Seal le Seán**

GNÉ NACH BHFUIL CHOMH MEALLTACH:

Láidreacht atá ann dar le roinnt daoine, ach meastar go bhfuil sé dírithe ar cheol – agus roinnt daoine sa tóir ar níos mó comhrá / ábhair eile

An méid ábhair bheo teoranta

Braitheann roinnt cainteoirí dúchasacha nach bhfuil an snas céanna ar an nGaeilge – rud a d'fhéadfadh stop a chur leo éisteacht leis, mar a chonacthas cheana

Bíodh agus go bhfuil cáil air gur do dhaoine óga é, **bheifí ag súil agus go mbeadh an láithreacht ar na meáin shóisialta níos láidre ná mar atá**

Tabhair faoi deara: Ní raibh gach rannpháirtí ar an eolas maidir le roinnt athruithe sceidealaithe le déanaí agus mar sin roinneadh aiseolas bunaithe ar dhearcadh + eispéiris a bhí acu cheana, vs. eispéiris níos déanaí

Raidió Rí-Rá: *Sleachta Focal ar Fhocal*

"I enjoyed the focus on younger audiences and music which was trending. I enjoyed the conversation shows which spoke to Irish speakers from around the country. The radio channel plays good music but I would prefer to hear more native speakers on the shows, the Irish sometimes can be very basic. I enjoyed the show 'Seal le Seán' the most due to the interesting conversations with guest speakers"
- Liam, Cainteoir Dúchasach Gaeilge

"Although I am currently a listener to Raidió Rí Rá, I would not sing my praises about the station. What draws me to Raidió Rí Rá is the Irish language itself. I think the station could promote itself better for young people. A huge push on social media would benefit the station hugely. This is where young people get most of the audio content they listen to from. Instagram Reels and TikToks would be a huge influence here"
- Jack, Cainteoir Neamhdhúchasach Gaeilge

"I think they could include a bit more live content as a lot of their shows are pre-recorded, although I understand this is not always possible due to a lot of their broadcasters being students. My favourite slot on Rí-Rá is Seal le Seán by Seán Ó Dubhchon, a good friend of mine" ***- Áine, Foghlaimeoir Dáiríre***

"With Radió Rí-Rá, I think it's just the closest thing to Gen Z as possible... but I'd say it's produced by Millennials for Gen Z" ***- SAINEOLAÍ***

"I think people feel Radió Rí-Rá is Dublin centric. It has to be accessible everywhere" ***- SAINEOLAÍ***

Raidió na Life: *Stáisiún i mBaile Átha Cliath a mheastar go bhfuil sé dírithe ar chainteoirí neamhdhúchasacha*

AG ÉIRÍ GO MAITH LEIS:

I measc na bhfreagróirí aithnítear go **bhfreastalaíonn sé ar lucht éisteachta níos óige**

Luadh **Mo Cheol Thú** roinnt babhtaí de réir mar a leagtar béim air…

Deir roinnt freagróirí go mbraitheann siad go mbaineann **cruthaitheacht ar leith leis**

GNÉ NACH BHFUIL CHOMH MEALLTACH:

De réir mar a d'fhéadfaí a bheith ag súil, is beag feasachta atá ann maidir leis lasmuigh de Bhaile Átha Cliath – **easpa sofheictheachta / aitheantas branda**

De réir mar atá le Raidió Rí-Rá, **braitheann roinnt cainteoirí dúchasacha go bhfuil níos lú snasa ar an nGaeilge agus mar sin iompaíonn siad uaidh**

Tabhair faoi deara: Roinntear aiseolas anseo agus suntas á dhéanamh de gur Stáisiún Raidió Pobail é agus a bhfuil oibrithe deonaithe ag obair ann – ach is beag feasachta atá ann maidir leis sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath – mar sin tá roinnt gnéithe níos bunaithe ar dhearcthaí vs. taithí dhíreach

106·4FM RAIDIÓ NA LIFE Cuisle na Cathrach

Raidió na Life: *Sleachta Focal ar Fhocal*

"I don't listen to it too often, but some of the programs are very good, like Emma Ní Chearúil and Sinéad Ní Scolaigh. I think it's a bit more creative than Raidió Rí-Rá, which is good. However, the station has the same problem as Raidió Rí-Rá regarding the Irish language and the lack of accurate Irish on some of the programmes. Again, there is no charge on anyone in particular for this, but proper funding needs to be made available. Do the right thing and do it right, as the saying goes. Doing things carelessly or disorganised is no good" ***- Helena, Cainteoir Dúchasach Dúthrachtach Gaeilge***

"Ní bhíonn mórán suime agam bheith ag éisteacht le leithéidí Raidió Rí-Rá agus Raidió na Life mar is Béarla Bhaile Átha Cliath a bhíonn acu go minic agus b'fhearr liom féin Gaelainn Chorca Dhuibhne" ***- Rút, Gnáthchainteoir Dúchasach Gaeilge***

"I am a big fan of Seán Ó Dubhchon's show 'Mo Cheol Thú' on Raidió na Life as I think it's a great idea and I love hearing other people's tastes in music. I tend to listen to these via Soundcloud rather than the actual station however, and I don't listen to anything else on Raidió na Life. I can't say I have any perception of the station"
- Áine, Foghlaimeoir Dáiríre

"Radio na Life is really cool. Like, it's really niche. Some of the stuff that they put on, you wouldn't hear anywhere else, like a jazz morning on a Sunday morning. However, I don't really think they're out in front of the public like they should be if you know what I mean" ***– SAINEOLAÍ***

Bunaithe ar Dhearcthaí ar an Soláthar Raidió Reatha, tá Spás le haghaidh Ofráil Raidió Nua Gaeilge

Níos Ceannródaíche

Gaeilge ar Chaighdeán Níos Ísle

Gaeilge ar Chaighdeán Níos Airde

Níos Comhghnásaí

RÉIMSE DEISEANNA LE HAGHAIDH OFRÁIL RAIDIÓ NUA ATÁ DÍRITHE AR AN ÓIGE

Ní mheallann aon stáisiún raidió reatha na cineálacha daoine difriúla a sainaithníodh sa taighde seo

TABHAIR FAOI DEARA: Ardaíodh roinnt ábhar imní maidir le todhchaí an raidió, go háirithe i measc na saineolaithe

"One of the most depressing things getting close to commercial radio is from 1997 to 2011 you witnessed the arc of its demise"

- **– Donal Dineen, Láithreoir Raidió**

"Not many people listen to live radio under the age of 25 I'd say"

- **Cian Griffin, Pearsantacht sna Meáin Shóisialta**

"If you go down the radio route there would be stakeholders involved who would want the sports, the news and the travel - those are costly"

– Aled Jones, Cruthaitheoir 'Y Pod'

"Photography went from being something that was a niche thing where some people did it to what everybody does all the time.... and then radio has gone the opposite direction where it was a thing that absolutely everybody connected with. And now it's something that has become, again, almost like a niche choice, you know"

– Donal Dineen, Láithreoir Raidió

"I really don't think much 18 to 25 year olds are listening to radio"

- **Siún Ní Dhuinn, Óstach Beo ar Éigean**

"Most people my age would connect Bluetooth in the car and play Spotify rather than the radio"

– **Leah, Cainteoir Dúchasach Dúthrachtach Gaeilge**

Ach i gcás Raidió i nGaeilge go háirithe, féadfaidh na pobail a fhéadfaidh é a chothú agus tacú leis, go háirithe trí ábhar beo, a bheith mar acmhainn mhór

Agus ní mhaolaíonn sé seo an mhian atá ann le haghaidh
Closábhar Gaeilge – bíodh sin
faoi scáth stáisiún raidió
nó faoi scáth
eintiteas difriúil

PODCHRAOLTAÍ >>









Íomhánna a roinn na rannpháirtithe ar an ardán ar líne

Tá roinnt Podchraoltaí Gaeilge a sheasann amach a luaitear go minic... ach teastaíonn tuilleadh ón bpobal!

Seachas an raidió, tá rochtain ag formhór na bhfreagróirí ar phodchraoltaí Gaeilge.

Meastar go bhfuil an réimse podchraoltaí teoranta agus go mbíonn roinnt taighde de dhíth le teacht orthu (agus is mar seo atá leis an gceol i nGaeilge chomh maith – ní éasca é a chuardach)

Áirítear i measc na roghanna coitianta: ***Beo ar Éigean, Bladhaire, An Taobh Tuathail, Na Gaelgals, Splanc, Na Seansálaithe agus Gaeilge Bhriste.***

Ar fud an tsampla, tá mian mhór le haghaidh réimse agus éagsúlacht podchraoltaí níos leithne i nGaeilge.



"Irish is overall a minority language so you'll never have an overload of content but it would be nice to see more variety of content" – **Áine, Foghlaimeoir Dáiríre**

Y Pod: Sampla ón mBreatain Bheag i dtaca leis an tslí inar chabhraigh feabhas ar an rochtain ar phodchraoltaí le fás san ábhar

Cynnwys Diweddaraf

Mwy

Y Pod = Mol ábhair le haghaidh podchraoltaí Breatnaise

- **Bunaíodh é mar fhreagairt ar an deacracht a bhí ann breathnú trí phodchraoltaí i mBreatnais**
- **Nuair a bunaíodh é sa bhliain 2018, bhí 38 podchraoladh Breatnaise ann. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí breis agus 130 ann**
- **Príomhspreagadh an fháis seo ná mol inchuardaithe, fógartha bheith ann – Y Pod**

"So I think by giving people a platform and by telling people that things exist, those podcasts and their listening numbers go up. This platform is where you discover them... That's the idea with Y Pod; making the content discoverable and browsable" **- Aled Jones, Cruthaitheoir Ábhair Breatnaise**

"I think Y Pod has set an example for something that can work and I think giving podcasts one platform where they can exist is really, really useful" **- Aled Jones, Cruthaitheoir Ábhair Breatnaise**

Tríd is tríd, idir Raidió agus Podchraoltaí, tá na héisteoirí sa tóir ar NÍOS MÓ Closábhair Ghaeilge

- A bhraitheann siad atá dírithe orthu siúd
- <u>Agus</u> a mheallann iad

Na Chéad Chodanna Eile
= *Deiseanna X Closábhar na Gaeilge*

CÉN SAGHAS ÁBHAIR AR MHAITH LE hÉISTEOIRÍ A CHLUINSTIN?

Ó ionchur éisteoirí closábhair go príomha, mar aon le saineolaithe.

CÁ bhFÉADFADH AN CLOSÁBHAR A BHEITH LONNAITHE AMACH ANSEO?

Ó ionchur éisteoirí agus saineolaithe

CÉN CHAOI A bhFHÉADFAÍ ÁBHAR MEALLTACH A SHEACHADADH?

Ó ionchur saineolaithe go príomha

Deiseanna le haghaidh Closábhar na Gaeilge:

CÉN SAGHAS ÁBHAIR AR MHAITH LE hÉISTEOIRÍ ÉISTEACHT LEIS?

CÚIG THÉAMA MAIDIR LE DEISEANNA ÁBHAIR

– *A eascraíonn ó Éisteoirí agus Saineolaithe araon*

#1. BÍ CRÓGA



#2. PLÉIGH CÚRSAÍ DOMHANDA

#3. CUIR AN ILGHNÉITH-EACHT SAN ÁIREAMH

#4. NÁ BÍ CHOMH DÁIRÍRE SIN

#5. CUIR NA TREOCHTAÍ IS DÉANAÍ SAN ÁIREAMH

Thar aon ní eile, tá na téamaí seo bunaithe ar chineálacha ábhair, ach tá siad bunaithe ar bhraistint agus ar sheachadadh an ábhair chomh maith

Téamaí deiseanna: Nasc le luchtanna éisteachta óga, ach iompaigh timpeall an cáineadh a rinneadh ar an Ábhar Gaeilge atá ar fáil faoi láthair

#1. BÍ CRÓGA	#2. PLÉIGH CÚRSAÍ DOMHANDA	#3. CUIR AN ILGHNÉITHE ACHT SAN ÁIREAMH	#4. NÁ BÍ CHOMH DÁIRÍRE SIN	#5. CUIR NA TREOCHTAÍ IS DÉANAÍ SAN ÁIREAMH
vs. geis a sheachaint	*vs. dírithe ar Éirinn amháin*	*vs. ceangailte ag rialacha*	*vs. dáiríre + ceangailte le múnlaí craoltóireachta traidisiúnta*	*vs. ag féachaint siar*

#1. BÍ CRÓGA

Le dul i ngleic le sprioc-lucht éisteachta níos óige agus coinneáil ábhartha dóibh siúd, beidh gá do chlosábhar Gaeilge dul i ngleic le fíor-shaincheisteanna sa tsochaí, a bhíonn dúshlánach go minic, le braistint saoirse.

"It would be great to see topics such as sexual health / LGBT issues / societal issues / just a bit of craic tailored towards people in their twenties as a lot of this is not covered on Raidió na Gaeltachta as it is seen as taboo"

- Áine, Foghlaimeoir Dáiríre

ÁIRÍTEAR LEIS NA TÉAMAÍ ÁBHAIR:

>> Meabhairshláinte + Folláine
>> Athrú Aeráide
>> Caidrimh + Gnéasacht
>> Féiniúlacht, Inscne, LADT + Cine
>> Saincheisteanna a bhaineann le hÉirinn ar nós na Géarchéime Tithíochta

#1. BÍ CRÓGA

– Bhí Cláir Chomhrá mar phríomh-mholadh ag Closéisteoirí maidir leis an saghas ábhair

Bhí Clár Comhrá Gaeilge ar an rogha is airde maidir le 'hábhar ar mhaith leo a fheiceáil' i gcás roinnt rannpháirtithe gur Closéisteoirí iad.

Clár a raibh daoine ag súil agus go dtabharfadh sé aghaidh ar shaincheisteanna dúshlánacha ar nós meabhairshláinte agus cine. Bheadh láithreacht láidir aige ar na meáin shóisialta chomh maith, a chabhródh suim agus feasacht a spreagadh.

Ach measadh go mbeadh braistint mheidhreach ríthábhachtach le haghaidh clár dá leithéid, ionas go mbraithfeadh sé ar nós a bheith ag éisteacht le cairde i mbun comhrá.

Clár tobsmaointe arna chruthú ag rannpháirtí san ardán >> Áine

